


Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha




Eochairfhocail: an dúlra, féile, flóra agus fána, bithéagsúlacht


Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cad is ainm don fhéile atá á ceiliúradh an tseachtain seo i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha?
2. Cad í príomhtheachtaireacht na féile, dar le Bernard McBride?
3. Luaigh cúis amháin a dtaitníonn Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha le Sorcha?
4. Cathain a thiocfaidh deireadh leis an bhFéile?
5. An dtaitníonn an dúlra leat? Cén fáth?




Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha




Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat a rá an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach?

Breathnaigh ar an bhfíseán arís chun teacht ar an eolas cuí.

- Is féile nua í an fhéile seo Le chéile don Dúlra.
- Tá Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha suite i dTír Eoghain.
- Bhí daoine óga ag casadh ceoil i nGleann Bheatha mar chuid den Fhéile.
- Ní thaitníonn Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha le Sorcha.
- Foghlaimíonn páistí óga na hÉireann faoi fhlóra agus fána na tíre seo i rith Fhéile Sheachtain na Bithéagsúlachta.



Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha



Freagraí:

1. Féile Le Chéile don Dúlra/ Féile Sheachtain na Bithéagsúlachta
2. Go bhfuilimid ag amharc i ndiaidh an dúlra, go háirithe i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.
3. Tá gach rud úr, faigheann sí inspioráid ón dúlra, tá sí ag cabhrú lena cuid amhrán, tá gach rud galánta ag an am seo den bhliain
4. Dé Sathairn

- Fíor
- Bréagach
- Fíor
- Bréagach
- Fíor